2026/2066

17.9.2026

Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gCláir an Aontais

TÁ AN tAONTAS EORPACH (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta),

de pháirt, agus

RIALTAS NA SEAPÁINE,

den pháirt eile,

dá ngairtear 'an Páirtí' ar bhonn aonair agus 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

AR MIAN LEO creat marthanach um chomhar idir na Páirtithe a bhunú, ar creat é lena sonraítear coinníollacha soiléire maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir agus i ngníomhaíochtaí an Aontais, mar aon le sásra lena n-éascaítear bunú na rannpháirtíochta sin i gcláir nó i ngníomhaíochtaí aonair an Aontais;

I bhFIANAISE spriocanna coiteanna, luachanna agus naisc láidre na bPáirtithe a bunaíodh inter alia tríd an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach ([1]) agus Rialtas na Seapáine maidir le Comhar san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Samhain 2009, agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile, arna dhéanamh i dTóiceo an 17 Iúil 2018, agus ag aithint dóibh mian choiteann na bPáirtithe a gcaidreamh agus an comhar a fhorbairt, a neartú, a spreagadh agus a leathnú a thuilleadh;

AG AITHINT dóibh an ríthábhacht a bhaineann leis na luachanna agus na prionsabail bhunúsacha chomhroinnte atá ina mbonn leis an gcomhar idirnáisiúnta idir na Páirtithe sa taighde agus sa nuálaíocht, amhail eitic agus sláine sa taighde, comhionannas inscne agus comhdheiseanna, agus cuspóir comhroinnte na bPáirtithe an comhar idir eagraíochtaí i réimse an taighde agus na nuálaíochta, lena n-áirítear ollscoileanna, agus malartú dea-chleachtas agus faisnéise maidir le gairmeacha taighde tarraingteacha a chothú agus a éascú, soghluaisteacht trasteorann agus idirearnálach taighdeoirí a éascú, saorghluaiseacht eolais eolaíoch agus nuálaíochta eolaíche a chothú, an urraim don tsaoirse acadúil agus do shaoirse an taighde eolaíoch a chur chun cinn, tacú le hoideachas eolaíochta agus gníomhaíochtaí cumarsáide;

AG AITHINT DÓIBH rún na bPáirtithe comhoibriú go frithpháirteach agus rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus misin an Aontais, arb é is aidhm dóibh tacú le hacmhainneachtaí taighde agus iad a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus feabhas a chur ar a n-iomaíochas tionsclaíoch féin, agus, ina dhiaidh sin, tionchair chlaochlaitheacha shistéamacha a bhaint amach dár sochaithe chun tacú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe;

I bhFIANAISE iarrachtaí na bPáirtithe an comhphobal idirnáisiúnta a threorú trí dhul i gcomhar lena gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta ar mhaithe le daoine, an pláinéad agus an rathúnas i gclár oibre na Náisiún Aontaithe 'An Domhan a Chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', agus á admháil dóibh gur uirlisí fíor-riachtanacha iad an taighde agus an nuálaíocht agus gurb iad is mó a spreagann an fás inbhuanaithe a bheidh á threorú ag an nuálaíocht agus an t-iomaíochas agus an tarraingteacht eacnamaíoch;

([1]) Trí mhalartú *Notes Verbales* dar dáta an 29 Márta 2011, ag tagairt don *Note Verbale* dar dáta an 30 Samhain 2009, bhí an t-aitheantas céanna ag an Aontas agus ag Rialtas na Seapáine go léifear na tagairtí don 'Chomhphobal Eorpach' sa Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Rialtas na Seapáine maidir le Comhar san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Samhain 2009 mar thagairtí do 'an tAontas Eorpach'.

DE BHRÍ gur bunaíodh clár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (dá ngairtear 'an Clár Fís Eorpach' anseo feasta) – le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

AG AITHINT DÓIBH na bprionsabal ginearálta mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/695;

AG CUR I dTÁBHACHT ról na gComhpháirtíochtaí Eorpacha a thugann aghaidh ar roinnt de na dúshláin is práinní atá san Eoraip trí thionscnaimh chomhbheartaithe thaighde agus nuálaíochta lena rannchuidítear go mór le tosaíochtaí an Aontais i réimse an taighde agus na nuálaíochta ina bhfuil gá le mais chriticiúil agus fís fhadtéarmach agus tábhacht rannpháirtíocht na dtíortha comhlachaithe sna Comhpháirtíochtaí sin;

AG AITHINT DÓIBH gur cheart go dtiocfadh sochair fhrithpháirteacha as rannpháirtíocht chómhalartach i gcláir thaighde agus nuálaíochta a chéile, agus á admháil dóibh go bhforchoimeádann na Páirtithe a gceart chun teorainn nó coinníollacha a chur le rannpháirtíocht ina gcláir thaighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear, go háirithe, teorainn nó coinníollacha i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann lena sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil;

AG DEARBHÚ go bhfuil an Comhaontú seo le meas mar chomhaontú eisceachtúil ós rud é, agus srianta sonracha áirithe de chuid chóras dlí na Seapáine á gcur san áireamh, go háirithe srianta buiséadacha Rialtas na Seapáine, go raibh gá le hoiriúnuithe áirithe ar shamhail-chomhaontú an Aontais maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha i gcláir de chuid an Aontais, lena n-áirítear maidir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a chosaint, agus nach fasach iad na hoiriúnuithe sin le haghaidh aon chomhaontú amach anseo maidir le rannpháirtíocht i gCláir an Aontais le Rialtas na Seapáine nó le haon tríú tír eile;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an gComhaontú seo, bunaítear na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine in aon chlár nó in aon ghníomhaíocht de chuid an Aontais.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'bunghníomh':

(i) gníomh dlí ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais, seachas moladh nó tuairim, lena mbunaítear clár, lena soláthraítear bunús dlí le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh chur chun feidhme an chaiteachais chomhfhreagraigh arna iontráil i mbuiséad ginearálta an Aontais (dá ngairtear 'buiséad an Aontais' anseo feasta) nó chur chun feidhme na ráthaíochta buiséadaí nó an chúnaimh airgeadais a dtacaíonn buiséad an Aontais leo, lena n-áirítear aon leasú ar ghníomhartha dlí agus aon ghníomh dlí ábhartha d'institiúid de chuid an Aontais a fhorlíonann nó a chuireann an gníomh dlí sin chun feidhme, seachas na gníomhartha sin lena nglactar cláir oibre; nó

(ii) gníomh dlí ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais, seachas moladh nó tuairim, lena mbunaítear gníomhaíocht arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais seachas cláir, lena n-áirítear aon leasú ar ghníomhartha dlí agus aon ghníomh dlí ábhartha d'institiúid de chuid an Aontais a fhorlíonann nó a chuireann an gníomh dlí sin chun feidhme, seachas na gníomhartha sin lena nglactar cláir oibre;

([2]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

(b) ciallaíonn ‘comhaontú cistiúcháin’ comhaontú a bhaineann le cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais faoi na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, a nglacann Rialtas na Seapáine páirt iontu, lena gcuirtear cistí ón Aontas chun feidhme, amhail comhaontú deontais, comhaontú ranníocaíochta, comhaontú comhpháirtíochta maidir l creat airgeadais, comhaontú maoiniúcháin agus comhaontú ráthaíochta;

(c) ciallaíonn ‘rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais’ rialacha arna leagan síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) (dá ngairtear ‘an Rialachán Airgeadais’ anseo feasta) a bhfuil feidhm acu maidir le buiséad an Aontais, agus rialacha a leagtar amach sa chlár oibre, sna glaonna nó i nósanna imeachta dámhachtana eile de chuid an Aontais;

(d) ciallaíonn ‘nós imeachta dámhachtana de chuid an Aontais’ nós imeachta maidir le cistiú ón Aontas Eorpach a dhámhachtain, ar nós imeachta é a sheolfaidh an tAontas nó daoine nó eintitis a bhfuil sé de chúram orthu cistí ón Aontas a chur chun feidhme;

(e) ciallaíonn ‘eintiteas de chuid na Seapáine’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air sa tSeapáin nó atá bunaithe ansin agus a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais i gcomhréir leis na bunghníomhartha; agus

(f) ciallaíonn ‘bliain airgeadais’ an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig.

Airteagal 3

An rannpháirtíocht a bhunú

1. Ceadófar do Rialtas na Seapáine páirt a ghlacadh i gcláir nó i ngníomhaíochtaí an Aontais agus rannchuidiú leo, nó, i gcásanna eisceachtúla, i gcodanna díobh atá oscailte le haghaidh rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcomhréir leis na bunghníomhartha agus mar a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo.

2. Leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine sa Chlár Fís Eorpach sa Phrótacal maidir le Comhlachas Rialtas na Seapáine le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a ghabhann leis an gComhaontú seo.

De mhaolú ar Airteagal 17(8) den Chomhaontú seo, féadfaidh an Comhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 14 den Chomhaontú seo (dá ngairtear ‘an Comhchoiste’ anseo feasta) an Prótacal sin a leasú.

3. De mhaolú ar Airteagal 17(8) den Chomhaontú seo, leagfar síos na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine in aon chlár nó in aon ghníomhaíocht áirithe eile de chuid an Aontais sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo atá le glacadh agus le leasú ag an gComhchoiste.

4. Déanfar an méid seo a leanas leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo:

(a) sainaithneofar cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a nglacfaidh Rialtas na Seapáin páirt iontu;

(b) leagfar síos fad na rannpháirtíochta, lena dtagrófar don tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh Rialtas na Seapáine agus eintitis na Seapáine iarratas a dhéanamh ar chistiú ón Aontas nó a fhéadfar cur chun feidhme cistí ón Aontas a chur de chúram orthu;

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO AE L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(c) leagfar síos na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine agus eintitis na Seapáine, lena n-áirítear módúlachtaí sonracha maidir le cur chun feidhme na gcoinníollacha airgeadais mar a shainaithnítear faoi Airteagail 6 agus 7 den Chomhaontú seo, módúlachtaí sonracha an tsásra ceartúcháin mar a shainaithnítear faoi Airteagal 8 den Chomhaontú seo, agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i struchtúir arna gcruthú chun na cláir agus na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Comhlíonfaidh na téarmaí agus na coinníollacha sonracha sin an Comhaontú seo agus na bunghníomhartha agus na gníomhartha ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais lena mbunaítear struchtúir den sórt sin; agus

(d) i gcás inarb infheidhme, leagfar síos méid ranníocaíocht airgeadais Rialtas na Seapáine le clár de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme trí ionstraim airgeadais nó trí ráthaíocht bhuiséadach.

Airteagal 4

Comhlíontacht le rialacha a bhaineann le cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais

1. Glacfaidh Rialtas na Seapáine páirt i gcláir nó i ngníomhaíochtaí an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, i gcodanna díobh, a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo, sna Prótacail a ghabhann leis, sna bunghníomhartha agus sna rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chláir nó ghníomhaíochtaí an Aontais, ar cláir agus gníomhaíochtaí iad is infheidhme maidir leis na cláir agus na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh.

2. Áireofar an méid seo a leanas sna téarmaí agus sna coinníollacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) incháilitheacht eintitis na Seapáine agus aon choinníoll incháilitheachta eile a bhaineann le Rialtas na Seapáine, go háirithe i leith an tionscnaimh, na háite gníomhaíochta nó na náisiúntachta; agus

(b) na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais a chur isteach, a mheasúnú agus a roghnú agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ag eintitis incháilithe na Seapáine.

3. Beidh na téarmaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2(b) coibhéiseach leis na téarmaí agus na coinníollacha sin is infheidhme maidir le heintitis incháilithe de chuid Bhallstáit an Aontais (dá ngairtear 'na Ballstáit' anseo feasta), lena n-áirítear urraim do bhearta sriantacha an Aontais ([4]), mura bhforáiltear a mhalairt sna téarmaí agus sna coinníollacha dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 5

Rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i rialachas clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais

1. Mura rud é go mbaineann sé le pointí a fhorchoimeádtar do na Ballstáit, agus dóibh sin amháin, nó in ndáil le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, nach nglacann Rialtas an tSeapáin páirt iontu, ceadófar d'ionadaithe nó saineolaithe Rialtas na Seapáine nó do shaineolaithe arna n-ainmniú ag Rialtas na Seapáine páirt a ghlacadh, mar bhreathnóirí, sna coistí, i gcruinnithe na ngrúpaí saineolaithe, nó i gcruinnithe comhchosúla eile a nglacann ionadaithe nó saineolaithe na mBallstát an Aontais, nó saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, páirt iontu, agus a thugann cúnamh don Choimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme agus bainistiú chláir nó ghníomhaíochtaí an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, nó arna mbunú ag an gCoimisiún Eorpach i ndáil le cur chun feidhme dhlí an Aontais i ndáil leis na cláir nó na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a nglacann Rialtas na Seapáine páirt iontu i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú seo. Ionadaithe nó saineolaithe Rialtas na Seapáine, nó na saineolaithe arna n-ainmniú ag Rialtas na Seapáine, ní bheidh siad i láthair tráth na vótála. Cuirfear toradh na vótála in iúl do Rialtas na Seapáine.

2. I gcás nach ar bhonn náisiúntachta a cheapfar saineolaithe nó meastóirí, ní bheidh náisiúntacht ina cúis le náisiúnaigh de chuid na Seapáine a eisiamh.

([4]) Is bearta sriantacha iad bearta sriantacha an Aontais arna nglacadh de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach nó an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 1, rialófar rannpháirtíocht ionadaithe nó saineolaithe na Seapáine sna cruinnithe dá dtagraítear sa mhír sin, nó i gcruinnithe eile a bhaineann le cur chun feidhme clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, rialófar í leis na rialacha agus na nósanna imeachta céanna is infheidhme maidir le hionadaithe na mBallstát, go háirithe cearta labhartha agus faisnéis agus doiciméadacht a fháil mura rud é go mbaineann sé le pointí a fhorchoimeádtar do na Ballstáit, agus dóibh sin amháin, nó go mbaineann siad le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais nó, i gcásanna eisceachtúla, le codanna díobh, nach nglacann Rialtas na Seapáine páirt iontu. Leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar módúlachtaí breise a shainmhíniú chun costais taistil agus chothaithe a aisíoc.

4. Sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar módúlachtaí breise le haghaidh rannpháirtíocht saineolaithe i ngach clár de chuid an Aontais a shainmhíniú, mar aon le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine, i mboird rialúcháin agus i struchtúir arna mbunú chun cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais a shainmhínítear sa Phrótacal ábhartha a chur chun feidhme.

Airteagal 6

Coinníollacha airgeadais

1. Rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine nó rannpháirtíocht eintitis de chuid na Seapáine i gcláir nó gníomhaíochtaí an Aontais, nó i gcásanna eisceachtúla, i gcodanna díobh, beidh sí faoi réir ranníocaíocht airgeadais Rialtas na Seapáine leis an gcistiú comhfhreagrach faoi bhuiséad an Aontais.

2. Gan dochar d'Airteagal 17(4), déanfaidh Rialtas na Seapáine an ranníocaíocht airgeadais i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na Seapáine, agus laistigh de theorainneacha a leithreasuithe buiséadacha bliantúla.

3. Beidh an ranníocaíocht airgeadais, i leith gach cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, i leith codanna díobh, i bhfoirm shuim na méideanna seo a leanas:

(a) ranníocaíocht oibríochtúil lena n-áireofar an cúlchiste teagmhasach dá dtagraítear i mír 6; agus

(b) táille rannpháirtíochta.

4. Beidh an ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm íocaíocht bhliantúil a dhéanfar i dtráthchuid amháin nó níos mó.

5. Gan dochar do mhír 10 den Airteagal seo agus d'Airteagal 7, is 4 % den ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil a bheidh sa táille rannpháirtíochta agus ní bheidh sí faoi réir coigeartuithe cúlghabhálacha. Ó 2028 ar aghaidh, féadfaidh an Comhchoiste leibhéal na táille rannpháirtíochta a choigeartú.

6. Cumhdófar leis an ranníocaíocht oibríochtúil caiteachas oibríochtúil agus caiteachas tacaíochta agus beidh sí sa bhreis, i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon, ar na méideanna arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais a ghlacfar go cinntitheach le haghaidh clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, arna méadú, i gcás inarb iomchuí, le hioncam sannta seachtrach nach n-eascraíonn as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais ó dheontóirí eile, méideanna a chumhdaítear le gach Prótacal faoi seach a ghabhann leis an gComhaontú seo. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach céatadán den ranníocaíocht oibríochtúil a fhorchoimeád chun críche teagmhais (dá ngairtear 'cúlchiste teagmhasach' anseo feasta) chun na méideanna oibleagáidí airgid dá dtagraítear in Airteagal 12 a chumhdach, ar méideanna iad nárbh fhéidir a aisghabháil ón eintiteas de chuid na Seapáine. Ní bheidh an cúlchiste teagmhasach sin faoi réir an tsásra coigeartaithe chúlghabhálaigh dá dtagraítear in Airteagal 7 ná faoi réir an tsásra ceartúcháin dá dtagraítear in Airteagal 8. Sonrófar an céatadán is infheidhme den ranníocaíocht oibríochtúil atá le forchoimeád chun na críche sin sna Prótacail faoi seach a ghabhann leis an gComhaontú seo.

7. Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil, cé is moite den chúlchiste teagmhasach, bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir Olltáirgeacht Intíre (OTI) na Seapáine ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais ag praghsanna an mhargaidh. Is iad seirbhísí tiomnaithe an Choimisiúin Eorpaigh a chinnfidh an OTI ag praghsanna an mhargaidh a bheidh le cur i bhfeidhm bunaithe ar na sonraí staidrimh is déanaí atá ar fáil do ríomhanna buiséid sa bhliain roimh an mbliain ina mbeidh an íocaíocht bhliantúil le híoc. Féadfar coigeartuithe ar an treoir ranníoca sin a leagan síos sna Prótacail a ghabhann leis an gConradh seo faoi seach.

8. Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil, cé is moite den chúlchiste teagmhasach, bunaithe ar chur i bhfeidhm na treorach ranníoca ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas tosaigh, a mhéadófar mar a thugtar tuairisc orthu i mír 6 agus arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais a ghlacfar go cinntitheach i leith na bliana is infheidhme chun cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a mhaoiniú, a nglacann Rialtas na Seapáine páirt iontu.

9. De mhaolú ar mhíreanna 7 agus 8, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil Rialtas na Seapáine leis an gClár Fís Eorpach le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 a shocrú i méideanna socraithe mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhlachas Rialtas na Seapáine le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) a ghabhann leis an gComhaontú seo.

10. Is é an luach seo a leanas an luach a bheidh ar an táille rannpháirtíochta dá dtagraítear i mír 3(b), le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027:

— 2026: 3 %;

— 2027: 4 %.

11. Arna iarraidh sin, soláthróidh an tAontas Eorpach faisnéis do Rialtas na Seapáine i ndáil lena ranníocaíocht airgeadais mar a áirítear san fhaisnéis bhuiséadach, chuntasaíochta, feidhmíochta agus mheastóireachta arna soláthar d'údaráis bhuiséadacha agus d'údaráis um urscaoileadh an Aontais maidir le cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a nglacann Rialtas na Seapáine páirt iontu. Soláthrófar an fhaisnéis sin agus aird chuí á tabhairt ar rialacha rúndachta agus cosanta sonraí an Aontais agus na Seapáine agus tá sí gan dochar don fhaisnéis atá Rialtas na Seapáine i dteideal a fháil faoin gComhaontú seo.

12. Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais uile Rialtas na Seapáine nó na híocaíochtaí uile ón Aontas agus is in euro a ríomhfar na méideanna a bheidh dlite nó le fáil.

13. Leagtar amach forálacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo faoi seach.

Airteagal 7

Cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag sásra coigeartaithe na ranníocaíochta oibríochtúla maidir leo

1. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i bPrótacal sonrach, féadfar ranníocaíocht oibríochtúil i leith cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna de, le haghaidh bhliain N a choigeartú go cúlghabhálach i mbliain amháin nó níos mó blianta ina dhiaidh sin ar bhonn na ngealltanas buiséadach a dhéanfar maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh na bliana sin, agus ar bhonn chur chun feidhme a ngealltanas dlíthiúil agus a ngealltanas saortha.

2. Déanfar an chéad choigeartú i mbliain N+1, nuair a choigeartófar an ranníocaíocht oibríochtúil de réir na difríochta idir an ranníocaíocht agus ranníocaíocht choigeartaithe arna ríomh trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú trí chur i bhfeidhm comhéifeachta i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i bPrótacal sonrach, a chur i bhfeidhm maidir le suim:

(a) mhéid na ngealltanas buiséadach a rinneadh maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a údaraíodh i mbliain N faoi bhuiséad an Aontais a vótáladh agus maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do ghealltanais saortha a chuirtear ar fáil arís; agus

(b) aon leithreasú ó ioncam sannta seachtrach nach dtagann as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais ó dheontóirí eile a chumhdaítear le gach Prótacal faoi seach a ghabhann leis an gComhaontú seo agus a bhí ar fáil ag deireadh bhliain N.

3. Gach bliain ina dhiaidh sin, go dtí go mbeidh na gealltanais bhuiséadacha uile a mhaoinítear faoi leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thionscnaítear ó bhliain N íoctha nó saortha, agus 3 bliana ar a dhéanaí tar éis dheireadh an chláir nó tar éis dheireadh an chreata airgeadais ilbhliantúil a chomhfhreagraíonn do bhliain N, cibé acu is túisce, ríomhfaidh an tAontas coigeartú ar ranníocaíocht bhliain N trí ranníocaíocht Rialtas na Seapáine a laghdú faoin méid a fuarthas trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo faoi seach, a chur i bhfeidhm maidir leis na gealltanais saortha a rinneadh gach bliain i ndáil le gealltanais bhliain N a mhaoinítear faoi bhuiséad an Aontais nó ó ghealltanais saortha a cuireadh ar fáil arís.

4. I gcás ina gcuirfear ar ceal na leithreasuithe ó ioncam sannta seachtrach nach dtagann as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais ó dheontóirí eile a chumhdaítear le gach Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo, déanfar an ranníocaíocht Rialtas na Seapáine leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht de chuid an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a laghdú faoin méid a fuarthas trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal, a chur i bhfeidhm maidir leis an méid a cuireadh ar ceal.

Airteagal 8

Cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo

1. Beidh feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch i ndáil leis na cláir nó na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, ar ina leith a dhéantar foráil maidir le cur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin uathoibríoch sa Phrótacal faoi seach a ghabhann leis an gComhaontú seo. Féadfar cur i bhfeidhm an tsásra uathoibríoch ceartúcháin sin a theorannú do chodanna de chlár nó de ghníomhaíocht an Aontais a shonraítear sa Phrótacal lena mbaineann a ghabhann leis an gComhaontú seo, codanna a chuirtear chun feidhme trí dheontais ar ina leith a eagraítear glaonna iomaíocha. Rialacha mionsonraithe maidir le sainaithint na gcodanna sin de chlár nó ghníomhaíocht de chuid an Aontais a mbeidh nó nach mbeidh feidhm ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo, feadfar iad a bhunú sa Phrótacal faoi seach a ghabhann leis an gComhaontú seo.

2. Is éard a bheidh i méid an cheartúcháin uathoibríoch le haghaidh clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, an difríocht idir méideanna tosaigh na ngealltanas dlíthiúil a dhéanfar go hiarbhír le Rialtas na Seapáine nó le heintitis na Seapáine a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana atá i gceist agus an ranníocaíocht oibríochtúil chomhfhreagrach a íocfaidh Rialtas na Seapáine de réir mar a choigeartófar de bhun Airteagal 7, má fhoráiltear leis an bPrótacal maidir le coigeartú den chineál sin, cé is moite de chaiteachas tacaíochta lena gcumhdaítear an tréimhse chéanna.

3. Rialacha mionsonraithe maidir le bunú mhéideanna ábhartha na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear i gcás cuibhreannas, agus rialacha mionsonraithe maidir le ríomh an cheartúcháin uathoibríoch, féadfar iad a leagan síos sa Phrótacal faoi seach a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Airteagal 9

Athbhreithnithe agus iniúchtaí

1. I gcomhréir leis na gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus mar a fhoráiltear sna comhaontuithe agus/nó sna conarthaí ábhartha agus le toiliú an tairbhí, arna chur in iúl trí chomhaontú cistiúcháin a shíniú, beidh sé de cheart ag an Aontas athbhreithnithe agus iniúchtaí teicniúla, eolaíocha, airgeadais nó cineálacha eile athbhreithnithe agus iniúchtaí a dhéanamh ar áitreabh aon eintitis de chuid na Seapáine atá ina pháirtí sa chomhaontú cistiúcháin ábhartha, agus ar áitreabh aon tríú páirtí d'eintiteas den sórt sin de chuid na Seapáine a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme faoi chonarthaí ábhartha. Leagtar amach rialacha an Aontais a bhaineann leis na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí sin sna comhaontuithe cistiúcháin nó sna conarthaí ábhartha eile. Féadfaidh gníomhairí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, go háirithe gníomhairí an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí sin a dhéanamh, nó féadfaidh daoine eile iad a dhéanamh, ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh i gcomhréir le dlí an Aontais. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu ar chríoch na Seapáine, dá bhforáiltear sna comhaontuithe cistiúcháin nó i gconarthaí ábhartha, gníomhóidh gníomhairí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais agus na daoine eile ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh ar bhealach atá comhsheasmhach le dlíthe agus rialacháin na Seapáine.

2. Gan dochar do mhír 1, tabharfar fógra do phointe teagmhála arna ainmniú ag Rialtas na Seapáine laistigh de thréimhse réasúnach ama roimh ré faoi aidhm, cuspóir agus bunús dlí an athbhreithnithe agus an iniúchta.

3. Agus athbhreithniú nó iniúchadh dá dtagraítear i mír 1 á dhéanamh, beidh rochtain iomchuí ag gníomhairí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, go háirithe gníomhairí an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus na daoine eile ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh, ar láithreáin, oibreacha agus doiciméid, i leaganacha leictreonacha agus i leaganacha páipéir, agus ar an bhfaisnéis uile is gá chun na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí sin a dhéanamh, dá bhforáiltear sna comhaontuithe cistiúcháin nó i gconarthaí ábhartha, lena n-áirítear an ceart chun cóip fhisiceach nó leictreonach d'aon doiciméad nó d'ábhar aon mheán sonraí, agus sleachta ó na doiciméid sin, atá i seilbh aon eintitis de chuid na Seapáine atá ina pháirtí i gcomhaontú cistiúcháin, chomh maith le haon tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann eintiteas den sórt sin de chuid na Seapáine a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme faoi chonarthaí ábhartha.

4. Ní ghlacfaidh Rialtas na Seapáine bearta ná ní dhéanfaidh sí bearta i ndáil le dul isteach sa tSeapáin nó rochtain ar áitreabh aon eintitis de chuid na Seapáine atá ina pháirtí i gcomhaontú cistiúcháin agus ar aon tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann eintiteas den sórt sin de chuid na Seapáine a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme faoi chonradh ábhartha eile, chun na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí dá dtagraítear i mír 1 a chosc nó chun bac a chur orthu. Ní fhorléireofar an mhír seo mar mhír chun cosc a chur ar Rialtas na Seapáine bearta a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, lena n-áirítear ceanglais ghinearálta víosa. Ní mheasfar go bhfuil na bearta sin a bhfuil feidhm ghinearálta acu ag neamhniú nó ag lagú na n-athbhreithnithe agus na n-iniúchtaí dá dtagraítear i mír 1.

5. Féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhéanamh freisin tar éis chur i bhfeidhm an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí, de bhun Airteagal 17(4) den Chomhaontú seo, tar éis scor chur i bhfeidhm shealadaigh an Chomhaontaithe seo, nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, ar bhonn na dtéarmaí a leagtar síos sna gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus dá bhforáiltear i gcomhaontuithe agus/nó i gconarthaí ábhartha i ndáil le haon ghealltanas dlíthiúil lena gcuirtear chun feidhme buiséad an Aontais agus atá curtha i gcrích ag an Aontas roimh an dáta óna ngabhfaidh éifeacht le fionraí chur i bhfeidhm an Phrótacail ábhartha, le scor chur i bhfeidhm shealadaigh an Chomhaontaithe seo nó le foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 10

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar neamhrialtachtaí

1. Údarófar an Coimisiún Eorpach agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (dá ngairtear 'OLAF' anseo feasta) a sainorduithe faoi seach a dhéanamh arb é is aidhm dóibh leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar neamhrialtachtaí ar chríoch na Seapáine, lena n-áirítear ar áitreabh eintitis de chuid na Seapáine atá ina pháirtí i gcomhaontú cistiúcháin nó aon tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann eintiteas den sórt sin de chuid na Seapáine a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme faoi chonradh ábhartha eile i gcomhréir leis an gcomhaontú cistiúcháin ábhartha agus le conarthaí eile is infheidhme, agus a mhéid a fhoráiltear maidir leis sin iontu. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach agus OLAF a gcuid gníomhaíochtaí i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna leagan síos le gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais. Gníomhóidh siad freisin ar bhealach atá comhsheasmhach le dlíthe agus rialacháin na Seapáine.

2. Cuirfidh pointe teagmhála ainmnithe na Seapáine an Coimisiún Eorpach nó OLAF ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnach ama faoi aon fhíoras nó amhras atá tugtha faoi deara aige i ndáil le neamhrialtacht, calaois nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile a bhaineann le comhaontú cistiúcháin nó le conradh ábhartha dá dtagraítear i mír 1 lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.

3. Faoi chuimsiú a gcuid gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, beidh sé de cheart ag foireann an Choimisiúin Eorpaigh nó ag foireann OLAF rochtain a fháil ar áitreabh eintiteas na Seapáine agus ar áitreabh tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann eintiteas den sórt sin de chuid na Seapáine dá dtagraítear sa mhír sin.

4. Na gníomhaíochtaí atá le déanamh ar áitreabh eintiteas na Seapáine agus ar áitreabh an tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann eintitis den sórt sin de chuid na Seapáine dá dtagraítear i mír 1, ullmhóidh agus déanfaidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF iad i ndlúthchomhar le pointe teagmhála ainmnithe na Seapáine. Féadfaidh na hoifigigh arna sainaithint ag pointe teagmhála ainmnithe na Seapáine páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí. Tabharfar fógra do phointe teagmhála ainmnithe na Seapáine laistigh de thréimhse réasúnach ama roimh ré faoi aidhm, cuspóir agus bunús dlí na ngníomhaíochtaí, ionas gur féidir leis rannpháirtíocht oifigeach de chuid na Seapáine sna gníomhaíochtaí a áirithiú, agus go háirithe, i gcás inarb infheidhme, nósanna imeachta inmheánacha is gá a thionscnamh le haghaidh rannpháirtíocht den sórt sin faoi dhlíthe agus rialacháin na Seapáine, agus, más gá, cúnamh a thabhairt arna iarraidh sin don Choimisiún Eorpach nó do OLAF.

5. Arna iarraidh sin do phointe teagmhála ainmnithe na Seapáine, féadfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh go comhpháirteach leis an gCoimisiún Eorpach nó le OLAF.

6. Beidh sé de cheart ag an gCoimisiún Eorpach agus ag OLAF rochtain a fháil ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht uile, lena n-áirítear sonraí ríomhaireachta, maidir leis na hoibríochtaí lena mbaineann, atá riachtanach chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh mar is cuí. Féadfaidh siad, go háirithe, doiciméid ábhartha a chóipeáil i gcomhréir leis an gcomhaontú cistiúcháin agus leis an gconradh, agus a mhéid a fhoráiltear maidir leis sin iontu.

7. I gcás ina gcuireann an t-eintiteas de chuid na Seapáine nó an tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann eintiteas den sórt sin de chuid na Seapáine in aghaidh rochtain a thabhairt don Choimisiún Eorpach nó do OLAF, tabharfaidh pointe teagmhála ainmnithe na Seapáine, ag gníomhú dó i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na Seapáine, cúnamh don Choimisiún Eorpach nó do OLAF, chun gur féidir leo a ndualgas a chomhlíonadh maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh pointe teagmhála ainmnithe na Seapáine éascú a dhéanamh freisin maidir le húdaráis inniúla forfheidhmithe dlí de chuid na Seapáine a chur ar an eolas faoi fhíoras nó amhras a tháinig chun suntais don Choimisiún Eorpach nó do OLAF maidir le cion coiriúil sa tSeapáin agus na gníomhaíochtaí á ndéanamh, chun fianaise a chosaint agus cion coiriúil den sórt sin á imscrúdú.

8. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF pointe teagmhála ainmnithe na Seapáine ar an eolas faoi thoradh a gcuid gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1. Go sonrach, tuairisceoidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF a luaithe is féidir do phointe teagmhála ainmnithe na Seapáine maidir le haon fhíoras nó aon amhras a bhaineann le neamhrialtacht atá tugtha faoi deara acu le linn na ngníomhaíochtaí sin.

9. Gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí coiriúil na Seapáine, féadfaidh an Coimisiún Eorpach bearta agus pionóis riaracháin a fhorchur ar eintiteas de chuid na Seapáine, dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir le dlí an Aontais.

10. Chun críocha chur chun feidhme cuí an Airteagail seo, déanfaidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF agus pointe teagmhála ainmnithe na Seapáine faisnéis a mhalartú go rialta agus, arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe, rachaidh siad i gcomhairle le chéile.

11. Chun comhar agus malartú faisnéise éifeachtach le OLAF a éascú, ainmneoidh Rialtas na Seapáine pointe teagmhála.

12. An malartú faisnéise a dhéanfar idir an Coimisiún Eorpach nó OLAF agus pointe teagmhála ainmnithe na Seapáine, déanfar é agus aird chuí á tabhairt ar na ceanglais maidir le rúndacht. Aon shonraí pearsanta a áireofar sa mhalartú faisnéise, cosnófar iad i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin is infheidhme an Aontais agus na Seapáine.

Airteagal 11

Comhar maidir le cionta coiriúla lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais

Oibreoidh Rialtas na Seapáine i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát nó le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta agus déthaobhacha is infheidhme, agus le dlíthe agus rialacháin na Seapáine, in imscrúduithe ar dhéantóirí agus comhchoirithe cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, agus in ionchúisimh i gcoinne na ndéantóirí agus na gcomhchoirithe sin.

Airteagal 12

Aisghabháil agus forfheidhmiú

1. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach cinneadh a ghlacadh lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar eintiteas de chuid na Seapáine, cé is moite den Stát, ar páirtí é an t-eintiteas sin i gcomhaontú cistiúcháin ábhartha i ndáil le haon éileamh a eascraíonn as an gcomhaontú cistiúcháin. Mura ndéanann an t-eintiteas de chuid na Seapáine íocaíocht laistigh den tréimhse fhorordaithe, tar éis fógra a bheith tugtha don eintiteas sin faoin gcinneadh sin i gcomhréir le hAirteagal 13, tabharfaidh an Coimisiún Eorpach fógra faoin gcinneadh sin do phointe teagmhála ainmnithe na Seapáine. Tar éis fógra a fháil, déanfaidh Rialtas na Seapáine na bearta iomchuí uile i leith an eintitis de chuid na Seapáine ionas go n-íocfaidh an t-eintiteas de chuid na Seapáine méid na hoibleagáide airgid leis an gCoimisiún Eorpach. Más rud é, tar éis 3 mhí ó dháta an fhógra ón gCoimisiún Eorpach do phointe teagmhála ainmnithe na Seapáine, nach n-íocann an t-eintiteas de chuid na Seapáine méid na hoibleagáide airgid, cumhdóidh an Coimisiún Eorpach méid na hoibleagáide airgid neamhíoctha ón gcúlchiste teagmhasach.

2. FéadfaidhRialtas na Seapáine aisíocaíocht ar an méid a lorg ón eintiteas de chuid na Seapáine ar a bhforchuirtear an oibleagáid airgid agus cuirfidh an Coimisiún Eorpach doiciméadacht ábhartha ar fáil chun na críche sin arna iarraidh sin do Rialtas na Seapáine.

3. Tabharfaidh Rialtas na Seapáine fógra faoi phointe teagmhála ainmnithe na Seapáine don Choimisiún Eorpach.

4. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí ón gCoimisiún Eorpach dá dtagraítear i mír 1 agus forfheidhmiú na gcinntí sin a chur ar fionraí.

Airteagal 13

Cumarsáid agus malartú faisnéise

Chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais atá rannpháirteach i gcur chun feidhme nó i rialú clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, féadfaidh siad cumarsáid a dhéanamh go díreach, lena n-áirítear trí chórais malartaithe leictreonaigh, le heintiteas de chuid na Seapáine atá ina pháirtí i gcomhaontú cistiúcháin ábhartha nó le tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann eintiteas den sórt sin de chuid na Seapáine a chuireann comhaontú cistiúcháin den sórt sin chun feidhme faoi chonradh. Féadfaidh eintitis agus tríú páirtithe den sórt sin de chuid na Seapáine faisnéis agus doiciméid ábhartha a chur go díreach faoi bhráid institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, ar faisnéis agus doiciméid iad is gá a chur faoina mbráid ar bhonn na gcomhaontaithe cistiúcháin ábhartha agus conarthaí eile is infheidhme chomh maith le reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le clár nó gníomhaíocht an Aontais.

Airteagal 14

An Comhchoiste

1. Bunaítear Comhchoiste leis seo. Beidh an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas agus ó Rialtas na Seapáine.

2. Glacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta.

3. Áireofar an méid seo a leanas i gcúraimí an Chomhchoiste:

(a) measúnú, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus na bPrótacal a ghabhann leis, agus na nithe seo a leanas go háirithe:

(i) rannpháirtíocht agus feidhmíocht eintitis na Seapáine i gcláir nó i ngníomhaíochtaí an Aontais;

(ii) i gcás inarb ábhartha, leibhéal oscailteachta frithpháirtí na n-eintiteas atá bunaithe san Aontas nó sa tSeapáin páirt a ghlacadh i gcláir, i ngníomhaíochtaí, i ngníomhartha, i dtionscadail an Pháirtí eile, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh;

(iii) cur chun feidhme an tsásra ranníocaíochta airgeadais agus, i gcás inarb ábhartha, an tsásra ceartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir le cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo; agus

(iv) an malartú faisnéise agus, i gcás inarb ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le saothrú torthaí, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla;

(b) plé a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, ar shrianta arna gcur i bhfeidhm nó atá beartaithe ag na Páirtithe ar an rochtain ar a gcláir thaighde agus nuálaíochta féin, lena n-áirítear go háirithe gníomhaíochtaí a bhaineann lena sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil;

(c) scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir comhar a fheabhsú agus a fhorbairt;

(d) plé comhpháirteach a dhéanamh ar threoshuíomhanna agus ar thosaíochtaí na mbeartas a bheidh ann amach anseo a bhaineann le cláir nó gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(e) malartú faisnéise, inter alia, maidir le reachtaíocht nua, cinntí nua nó cláir náisiúnta nua atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus na bPrótacal a ghabhann leis;

(f) na prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir nó i ngníomhaíochtaí an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a ghlacadh, nó Prótacail den sórt sin a leasú de réir mar is gá, trí bhíthin cinnidh;

(g) céatadán an chúlchiste theagmhasaigh dá dtagraítear in Airteagal 6(6) den Chomhaontú seo a chinneadh nó a leasú i bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo; agus

(h) Airteagail 9 agus 10 den Chomhaontú seo a leasú, go háirithe chun athruithe ar ghníomhartha ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais a chur san áireamh, trí bhíthin cinnidh.

4. Is de chomhthoil a ghlacfar cinntí an Chomhchoiste. Maidir le haon chinneadh a dhéanfar de bhun mhír 3(f) go (h), sonróidh ionadaithe na bPáirtithe sa Chomhchoiste, i gcás ina gceanglaítear sin le córas dlí an Pháirtí, maidir le Prótacail nua a ghabhann leis an gComhaontú seo, leasuithe ar Phrótacail atá ann cheana, nó ar chodanna den Chomhaontú seo a chumhdaítear le mír 3,(f) go (h), go dtiocfaidh siad i bhfeidhm an dáta a thabharfaidh siad fógra i scríbhinn d'ionadaí an Pháirtí eile gur cuireadh i gcrích aon cheanglas agus nós imeachta dlí is gá de chuid an chéad Pháirtí.

5. Féadfaidh an Comhchoiste meitheal nó comhlacht comhairleach a bhunú ar bhonn *ad hoc* ar leibhéal na saineolaithe a bheidh in ann cúnamh a thabhairt an Comhaontú seo a chur chun feidhme.

6. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus, i gcás ina n-éileofar sin le himthosca speisialta, arna iarraidh sin do Pháirtí.

Airteagal 15

An Dlí is infheidhme

Cuirfear an Comhaontú seo chun feidhme i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin is infheidhme an Aontais agus le dlíthe agus rialacháin na Seapáine ina gcríocha faoi seach..

Airteagal 16

Comhairliúcháin

Déanfaidh na Páirtithe a ndícheall, de mheon macánta, aon saincheist eatarthu, a eascraíonn as léirmhíniú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, a réiteach go cairdiúil, trí phlé sa Chomhchoiste.

Má eascraíonn saincheist as léirmhíniú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo nach féidir í a réiteach trí phlé sa Chomhchoiste laistigh de 2 mhí ó d'ardaigh Páirtí í, féadfaidh ceachtar Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile faoin saincheist. Is trí chaibidlíocht a réiteoidh na Páirtithe aon mhalairt tuairime eatarthu.

Airteagal 17

Forálacha críochnaitheacha

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an dáta a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026. Gan dochar do mhír 9, beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis na Prótacail ón dáta a leagtar amach i ngach Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo faoi seach.

2. Féadfaidh an tAontas agus Rialtas na Seapáine an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Aontais agus na Seapáine, faoi seach. Cuirfear tús le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo ar an dáta a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin.

3. Má thugann ceachtar Páirtí fógra don Pháirtí eile nach gcuirfidh sé i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh an Comhaontú seo i i bhfeidhm , tiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo an dáta a gheobhaidh an Páirtí eile an fógra seo, arb é a bheidh sa dáta sin an dáta scoir chun críocha an Chomhaontaithe seo.

Scoirfidh cinntí an Chomhchoiste d'fheidhm a bheith acu an dáta céanna.

4. Féadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm an Phrótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí i gcás neamhíocaíocht pháirteach nó neamhíocaíocht iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá le híoc ag Rialtas na Seapáine faoi chlár nó faoi ghníomhaíocht an Aontais lena mbaineann.

I gcás neamhíocaíocht a d'fhéadfadh cur chun feidhme agus bainistiú chlár nó ghníomhaíocht ábhartha an Aontais a chur i mbaol go mór, seolfaidh an tAontas litir mheabhrúcháin fhoirmiúil. I gcás nach ndéanfar aon íocaíocht laistigh de 20 lá oibre tar éis na litreach meabhrúcháin foirmiúla, tabharfaidh an tAontas fógra do Rialtas na Seapáine maidir le fionraí chur i bhfeidhm an Phrótacail ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo trí litir fógra fhoirmiúil, agus tiocfaidh an fhionraí i bhfeidhm 15 lá tar éis do Rialtas na Seapáine an fógra sin a fháil.

I gcás ina gcuirfear cur i bhfeidhm Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo ar fionraí, ní bheidh eintitis de chuid na Seapáine incháilithe páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana de chuid an Aontais nach mbeidh tugtha i gcrích go fóill nuair a ghabhfaidh éifeacht leis an bhfionraí ar an gcur i bhfeidhm. Measfar nós imeachta dámhachtana de chuid an Aontais a bheith tugtha i gcrích nuair a ghlacfar gealltanais dhlíthiúla de láimh mar thoradh ar an nós imeachta sin.

Leis an bhfionraí ar an gcur i bhfeidhm, ní dhéanfar difear do na gealltanais dhlíthiúla arna ndéanamh le heintitis de chuid na Seapáine faoi chlár nó faoi ghníomhaíocht ábhartha an Aontais sular ghabh éifeacht leis an bhfionraí ar an gcur i bhfeidhm. Leanfaidh an Prótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo d'fheidhm a bheith aige maidir le gealltanais dhlíthiúla den sórt sin.

Tabharfaidh an tAontas fógra láithreach do Rialtas na Seapáine a luaithe a gheobhaidh an tAontas méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá dlite. Cuirfear deireadh leis an bhfionraí ar an gcur i bhfeidhm le héifeacht láithreach ar an bhfógra sin a thabhairt.

Ón dáta a chuirfear deireadh leis an bhfionraí ar an gcur i bhfeidhm, beidh eintitis na Seapáine incháilithe arís le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana de chuid an Aontais a sheolfar faoi chlár nó faoi ghníomhaíocht ábhartha an Aontais tar éis an dáta sin agus le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana de chuid an Aontais a seoladh roimh an dáta sin, ar nósanna imeachta dámhachtana iad nach bhfuil na sprioc-amanna chun iarratais a chur isteach dulta in éag.

5. Féadfaidh ceachtar Páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile go bhfuil sé beartaithe aige é a fhoirceannadh. Ní fhéadfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh, ach amháin ina iomláine. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm 3 mhí féilire tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí eile an fógra. Is éard a bheidh sa dáta foirceanta chun críocha an Chomhaontaithe seo, an dáta a thiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm.

6. I gcás ina scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige i gcomhréir le mír 3 nó i gcás ina ndéanfar é a fhoirceannadh i gcomhréir le mír 5, comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí, gníomhartha nó tionscadail, nó i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a ndearnadh gealltanais dhlíthiúla ina leith le linn chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo sula scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige agus/nó tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo sula scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige nó sula ndéanfar é a fhoirceannadh, leanfar díobh go dtí go dtabharfar i gcrích iad faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo agus sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(b) ranníocaíocht airgeadais bhliain N leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais, ar lena linn a scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige nó a dhéanfar é a fhoirceannadh, íocfar í ina hiomláine i gcomhréir le hAirteagal 6 agus le haon riail ábhartha sna Prótacail lena mbaineann a ghabhann leis an gComhaontú seo. I gcás ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil bhliain N leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe agus ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch araon, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil ábhartha bhliain N a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 8. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais nach mbeidh feidhm ach ag an sásra ceartúcháin maidir leo, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil ábhartha bhliain N a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 8. An táille rannpháirtíochta a íocfar le haghaidh bhliain N mar chuid den ranníocaíocht airgeadais leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais, ní dhéanfar í a choigeartú ná a cheartú; agus

(c) i gcás ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe, tar éis na bliana ar lena linn a scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige nó a dhéanfar é a fhoirceannadh, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais, a íocadh le haghaidh na mblianta ar lena linn a bhí feidhm ag an gComhaontú seo, a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe agus ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch araon, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla sin a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 7 agus a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 8. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais nach mbeidh feidhm ach ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla ábhartha a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 8.

7. Socróidh na Páirtithe de chomhthoil aon iarmhairt eile a ghabhann le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo a fhoirceannadh nó a scor.

8. Mura bhforáiltear a mhalairt in Airteagal 14, ní fhéadfar an Comhaontú seo a leasú ach amháin i scríbhinn le comhthoil na bPáirtithe. Leanfaidh teacht i bhfeidhm na leasuithe faoin mír seo an nós imeachta céanna is infheidhme maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo mar a fhoráiltear le mír 1.

9. Cuid dhílis den Chomhaontú seo a bheidh sna Prótacail dá dtagraítear in Airteagal 3.

10. Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóvaicis, sa tSlóivéinis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus sa tSeapáinis, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin. I gcás ina mbeidh éagsúlacht sa léirmhíniú, is ag an téacs Béarla a bheidh an forlámhas.

DÁ FHIANÚ SIN, chuireadar sin a bhfuil a sínithe anseo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, a lámh leis an gComhaontú seo.

Съставено в Брюксел на тридесети юли две хиляди двадесет и шеста година.

Hecho en Bruselas, el treinta de julio de dos mil veintiséis.

V Bruselu dne třicátého července dva tisíce dvacet šest.

Udfærdiget i Bruxelles den tredivte juli to tusind og seksogtyve.

Geschehen zu Brüssel am dreißigsten Juli zweitausendsechsundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne kuuenda aasta juulikuu kolmekümnendal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις τριάντα Ιουλίου δύο χιλιάδες είκοσι έξι.

Done at Brussels on the thirtieth day of July in the year two thousand and twenty-six.

Fait à Bruxelles, le trente juillet deux mille vingt-six.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an tríochadú lá d'Iúil sa bhliain dhá mhíle fiche a sé.

Sastavljeno u Bruxellesu tridesetog srpnja godine dvije tisuće dvadeset šeste.

Fatto a Bruxelles, addì trenta luglio duemilaventisei.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit sestā gada trīsdesmitajā jūlijā.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt šeštų metų liepos trisdešimtą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonhatodik év július havának harmincadik napján.

Magħmul fi Brussell, fit-tletin jum ta' Lulju fis-sena elfejn u sitta u għoxrin.

Gedaan te Brussel, dertig juli tweeduizend zesentwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia trzydziestego lipca roku dwa tysiące dwudziestego szóstego.

Feito em Bruxelas, em trinta de julho de dois mil e vinte e seis.

Întocmit la Bruxelles la treizeci iulie două mii douăzeci și șase.

V Bruseli tridsiateho júla dvetisícdvadsaťšesť.

V Bruslju, tridesetega julija dva tisoč šestindvajset.

Tehty Brysselissä kolmantenakymmenentenä päivänä heinäkuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäkuusi.

Som skedde i Bryssel den trettionde juli år tjugohundratjugosex.

二千二十六年七月三十日にブリュッセルで作成した。

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen

За правителството на Япония
Por el Gobierno de Japón
Za vládu Japonska
For Japans regering
Für die Regierung Japans
Jaapani valitsuse nimel
Για την κυβέρνηση της Ιαπωνίας
For the Government of Japan
Pour le gouvernement du Japon
Thar ceann Rialtas na Seapáine
Za Vladu Japana
Per il governo del Giappone
Japānas valdības vārdā –
Japonijos Vyriausybės vardu
Japán Kormánya részéről
Għall-Gvern tal-Ġappun
Voor de regering van Japan
W imieniu Rządu Japonii
Pelo Governo do Japão
Pentru Guvernul Japoniei
Za vládu Japonska
Za Vlado Japonske
Japanin hallituksen puolesta
För Japans regering

日本国政府のために

欧州連合のために









Prótacal maidir le Comhlachas Rialtas na Seapáine le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)

Airteagal 1

Raon feidhme an chomhlachais

Glacfaidh Rialtas na Seapáine páirt mar thír chomhlachaithe i gColún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' de chlár an Aontais, Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (dá ngairtear 'an Clár Fís Eorpach' anseo feasta), agus rannchuideoidh sé leis, ar clár é a chuirtear chun feidhme trí bhíthin an Chláir Shonraigh arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle ([2]), sna leaganacha is cothroime le dáta díobh.

Airteagal 2

Coinníollacha breise na rannpháirtíochta sa Chlár Fís Eorpach

1. Sula ndéanfar cinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil eintitis de chuid na Seapáine incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomh a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas, nó slándáil an Aontais faoi mhír 5 d'Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/695, féadfaidh an Coimisiún Eorpach faisnéis shonrach nó dearbhuithe sonracha a iarraidh, amhail:

(a) faisnéis maidir le cé acu a deonaíodh nó a dheonófar rochtain chómhalartach d'eintitis atá bunaithe san Aontas ar chláir, ar ghníomhaíochtaí, ar ghníomhartha agus ar thionscadail de chuid na Seapáine, nó ar chodanna díobh, atá ann cheana agus atá beartaithe, ar chláir, ar ghníomhaíochtaí, ar ghníomhartha agus ar thionscadail iad atá coibhéiseach leis an ngníomhaíocht den Chláir Fís Eorpach lena mbaineann;

(b) faisnéis maidir le sásra náisiúnta um scagadh ar infheistíocht a bheith ag Rialtas na Seapáine agus dearbhuithe go ndéanfaidh údaráis na Seapáine tuairisciú chuig an gCoimisiún Eorpach agus go rachaidh sí i gcomhairle leis maidir le haon chás féideartha i gcás, agus sásra den chineál sin á chur i bhfeidhm, ina bhfaighidh siad eolas faoi infheistíocht eachtrach nó táthcheangal atá beartaithe ag eintiteas atá bunaithe lasmuigh den tSeapáin, nó atá á rialú ó lasmuigh di, ar eintiteas de chuid na Seapáine, a fuair cistiú ón gClár Fís Eorpach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais, ar choinníoll go soláthróidh an Coimisiún Eorpach do Rialtas na Seapáine liosta de na heintitis ábhartha de chuid na Seapáine tar éis shíniú na gcomhaontuithe deontais leis na heintitis sin; agus

(c) dearbhuithe nach mbeidh aon cheann de na torthaí, na teicneolaíochtaí, na seirbhísí nó na táirgí arna bhforbairt faoi na gníomhaíochtaí lena mbaineann ag eintitis na Seapáine faoi réir srianta ar a n-onnmhairiú chuig Ballstáit le linn na gníomhaíochta agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh na gníomhaíochta. Roinnfidh Rialtas na Seapáine liosta cothrom le dáta de na hábhair atá faoi réir srianta náisiúnta ar onnmhairiú ar bhonn bliantúil, le linn na gníomhaíochta agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh na gníomhaíochta.

2. Féadfaidh eintitis na Seapáine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC), faoi théarmaí agus coinníollacha atá coibhéiseach leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le heintitis atá bhunaithe san Aontais ach amháin má tá gá le teorainneacha chun comhsheasmhacht a áirithiú le raon feidhme na rannpháirtíochta a eascraíonn as cur chun feidhme mhír 1.

3. Cuirfear Rialtas na Seapáine ar an eolas ar bhonn rialta maidir le gníomhaíochtaí JRC a bhaineann le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine sa Chlár Fís Eorpach, go háirithe i gcláir oibre ilbhliantúla JRC. Féadfar iarraidh ar ionadaí ó Rialtas na Seapáine freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe Bhord Gobharnóirí JRC i ndáil le pointe a bhaineann le rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine sa Chlár Fís Eorpach.

([1]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013, (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO AE L 167I, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/764/oj).

4. I gcás ina gcuirfidh an tAontas an Clár Fís Eorpach chun feidhme trí Airteagail 185 agus 187 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm, féadfaidh Rialtas na Seapáine agus eintitis na Seapáine páirt a ghlacadh sna struchtúir dhlíthiúla a chruthaítear faoi na forálacha sin, i gcomhréir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais a glacadh nó a ghlacfar chun na struchtúir dhlíthiúla sin a bhunú.

5. I bhfianaise rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gColún II de Chlár Fís Eorpach, beidh sé de cheart ag ionadaithe agus saineolaithe ó Rialtas na Seapáine nó ag saineolaithe arna n-ainmniú ag Rialtas na Seapáine páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí sa choiste dá dtagraítear in Airteagal 14 de Chinneadh (AE) 2021/764 gan cearta vótála agus maidir le pointí a bhaineann leis an tSeapáin nuair a bheidh saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme Cholún II den Chlár Fís Eorpach á bplé ag an gCoiste. Beidh an rannpháirtíocht sin i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú. Is de réir grád barainne a aisíocfar costais taistil ionadaithe nó shaineolaithe Rialtas na Seapáine nó saineolaithe arna n-ainmniú ag Rialtas na Seapáine chuig cruinnithe an Choiste. Maidir le gach ábhar eile, beidh aisíoc costas taistil agus speansais chothaithe faoi réir na rialacha céanna sin is infheidhme maidir leis na hionadaithe ó Bhallstáit.

6. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht, i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha agus le dlíthe agus rialacháin an Aontais agus na Seapáine faoi seach, chun saorghluaiseacht agus áit chónaithe na ndaoine a ghlacann páirt sna gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bPrótacal seo a éascú agus chun gluaiseacht trasteorann earraí agus seirbhísí atá ceaptha lena n-úsáid i ngníomhaíochtaí den sórt sin a éascú.

Airteagal 3

Cómhalartacht

Féadfaidh eintitis atá bunaithe san Aontas páirt a ghlacadh i gcomhar le heintitis de chuid na Seapáine i gcláir, i ngníomhaíochtaí, i ngníomhartha agus i dtionscadail de chuid na Seapáine nó, i gcásanna eisceachtúla, i gcodanna díobh atá coibhéiseach leis na cláir, na gníomhaíochtaí, na gníomhartha agus na tionscadail sin faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na Seapáine.

Soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de chláir, gníomhaíochtaí, gníomhartha, tionscadail na Seapáine, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal seo.

Eintitis a bhunaíonn Rialtas na Seapáine san Aontas, beidh cistiú na n-eintiteas sin faoi réir dhlíthe agus rialacháin na Seapáine lena rialaítear oibriú na gclár, na ngníomhaíochtaí, na ngníomhartha agus na dtionscadal taighde agus nuálaíochta, nó i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh. I gcás nach soláthrófar cistiú, féadfaidh eintitis atá bunaithe san Aontas páirt a ghlacadh trí bhíthin a gcuid acmhainní féin.

Airteagal 4

An Eolaíocht Oscailte

Déanfaidh na Páirtithe cleachtais eolaíochta oscailte a chur chun cinn agus a spreagadh go frithpháirteach ina gcuid clár, gníomhaíochtaí, gníomhartha agus tionscadal, nó i gcásanna eisceachtúla, i gcodanna díobh, i gcomhréir le rialacha an Chláir Fís Eorpach agus le dlíthe, rialacháin agus beartais na Seapáine.

Airteagal 5

Rialacha mionsonraithe maidir le ranníocaíocht airgeadais, an sásra coigeartaithe agus an sásra ceartúcháin uathoibríoch

1. Beidh feidhm ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch dá bhforáiltear faoi Airteagal 8 den Chomhaontú i ndáil le ranníocaíocht oibríochtúil Rialtas na Seapáine leis an gClár Fís Eorpach, cé is moite den chúlchiste teagmhasach dá dtagraítear in Airteagal 6(6) den Chomhaontú. Ní bheidh feidhm ag an sásra coigeartuithe dá bhforáiltear faoi Airteagal 7 den Chomhaontú i ndáil le rannpháirtíocht oibríochtúil Rialtas na Seapáine leis an gClár Fís Eorpach.

2. Beidh an sásra ceartúcháin uathoibríoch dá dtagraítear i mír 1 bunaithe ar fheidhmíocht Rialtas na Seapáine agus ar fheidhmíocht eintitis na Seapáine sna codanna sin de Cholún II den Chlár Fís Eorpach a chuirtear chun feidhme trí dheontais iomaíocha.

3. Leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin uathoibríoch dá dtagraítear i mír 1 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal seo.

Airteagal 6

Fionraí de chomhthoil

1. Más mó méid iomlán an chistithe a dámhadh d'eintitis de chuid na Seapáine faoi na comhaontuithe deontais sínithe arna mbaint as córas leictreonach an Choimisiúin Eorpaigh darb ainm 'External – Common Research Data Warehouse' ['Seachtrach – Ollstór Coiteann Sonraí Taighde'] (dá ngairtear 'e-Corda' anseo feasta) ar an gcéad Chéadaoin de mhí na Nollag i mbliain N, arna ríomh ag an gCoimisiún Eorpach arna iarraidh sin do Rialtas na Seapáine, ná 80 % den ranníocaíocht oibríochtúil, cé is moite den chúlchiste teagmhasach dá dtagraítear in Airteagal 6(6) den Chomhaontú, a d'íoc Rialtas na Seapáine i mbliain N, féadfaidh Rialtas na Seapáine a iarraidh go gcuirfear cur i bhfeidhm an Phrótacail seo ar fionraí le haghaidh na bliana airgeadais tar éis na bliana ina ndéantar an iarraidh.

2. Má dhéanann Rialtas na Seapáine iarraidh ar fhionraí de bhun mhír 1, seolfaidh an tAontas freagra i scríbhinn laistigh de 30 lá tar éis dó an iarraidh a fháil. Má dheimhníonn an tAontas go nglacann sé le hiarraidh Rialtas na Seapáine, gabhfaidh éifeacht le fionraí an Phrótacail seo ar an gcéad lá de mhí Eanáir na bliana tar éis dó an iarraidh ar fhionraí a fháil.

3. Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/695 agus do na heisceachtaí dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 23 den Rialachán sin, i gcás ina gcuirfear an Prótacal seo ar fionraí de bhun mhír 2 den Airteagal seo, ní bheidh eintitis na Seapáine incháilithe chun páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana de chuid an Aontais arna maoiniú le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana airgeadais a gcuirtear an Prótacal seo ar fionraí lena linn.

4. Maidir leis an mbliain ar lena linn a chuirfear an Prótacal ar fionraí de bhun mhír 2 agus a mbeadh táille rannpháirtíochta íoctha ag Rialtas na Seapáine ina leith mura gcuirfí ar fionraí í, ní íocfaidh Rialtas na Seapáine an ranníocaíocht oibríochtúil. Mar sin féin, íocfaidh Rialtas na Seapáine táille rannpháirtíochta bhliantúil le haghaidh na bliana a raibh an fhionraí ann lena linn a chomhfhreagraíonn do tháille rannpháirtíochta na bliana sular tháinig an fhionraí i bhfeidhm, móide aon phointe céatadáin (1,0 ppt).

5. Féadfaidh Rialtas na Seapáine a iarraidh tráth ar bith go scoirfear den fhionraí de bhun mhír 2. Seolfaidh an tAontas freagra i scríbhinn laistigh de 30 lá tar éis dó an iarraidh sin a fháil. Nuair a ghlacfaidh an tAontas le hiarraidh Rialtas na Seapáine, scoirfidh an fhionraí d'éifeacht a bheith aici ar an gcéad lá den bhliain dár gcionn nó, go cúlghabhálach, ón gcéad lá den bhliain reatha má chinneann na Páirtithe amhlaidh i gcomhpháirt. Má thagann deireadh leis an bhfionraí go cúlghabhálach, beidh an ranníocaíocht airgeadais iomlán le haghaidh na bliana comhfhreagraí dlite ag Rialtas na Seapáine. Aon táille rannpháirtíochta bhliantúil a d'íoc Rialtas na Seapáine cheana féin le haghaidh na bliana atá i gceist, déanfar í a fhritháireamh in aghaidh na táille rannpháirtíochta arna ríomh i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in Airteagal 6(5) agus (10) den Chomhaontú.

6. Beidh eintitis na Seapáine incháilithe i nósanna imeachta dámhachtana de chuid an Aontais arna maoiniú le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana airgeadais ábhartha ón dáta a scoirfidh an fhionraí de bhun mhír 5 d'éifeacht a bheith aici de bhun mhír 5 ar choinníoll nach bhfuil na sprioc-amanna chun iarratais a chur isteach dulta in éag.

7. Leis an bhfionraí de bhun mhír 2, ní dhéantar difear do na gealltanais dhlíthiúla a rinneadh le heintitis na Seapáine faoin bPrótacal seo sular tháinig an fhionraí i bhfeidhm. Leanfaidh téarmaí an Phrótacail seo d'fheidhm a bheith acu maidir le gealltanais dhlíthiúla den sórt sin.

Airteagal 7

Pointí Teagmhála Náisiúnta Rialtas na Seapáine

Chun tairbhe agus éifeachtacht an chomhlachais leis an gClár Fís Eorpach a mhéadú, féadfaidh Rialtas na Seapáine Pointí Teagmhála Náisiúnta a ainmniú a d'fhéadfadh comhairliúchán, comhairle agus tacaíocht is gá a thabhairt d'iarratasóirí féideartha chun feabhas a chur ar cháilíocht na n-iarratas.

Airteagal 8

Forálacha críochnaitheacha

1. Beidh feidhm ag an bprótacal seo ón 1 Eanáir 2026. Beidh an Prótacal seo i bhfeidhm chomh fada agus is gá chun go dtabharfar i gcrích na gníomhaíochtaí uile, na gníomhartha uile, na tionscadail uile nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a mhaoineofar ó Cholún II den Chlár Fís Eorpach, chun go dtabharfar i gcrích na gníomhaíochtaí a bhfuil gá leo chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus na hoibleagáidí airgeadais uile a eascraíonn as cur chun feidhme an Phrótacail seo idir na Páirtithe.

2. Beidh na hIarscríbhinní ina gcuid dhílis den Phrótacal:

(a) Iarscríbhinn I: Rialacha lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais Rialtas na Seapáine leis an gClár Fís Eorpach

(b) Iarscríbhinn II: Liosta de chláir, gníomhaíochtaí, gníomhartha, tionscadail choibhéiseacha na Seapáine nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh.

IARSCRÍBHINN I

Rialacha lena rialaítear ranníocaíocht airgeadais Rialtas na Seapáine leis an gClár Fís Eorpach

I. Ranníocaíocht airgeadais Rialtas na Seapáine a ríomh

1. Bunófar ranníocaíocht airgeadais Rialtas na Seapáine le Colún II den Chlár Fís Eorpach ar bhonn bliantúil i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 8 den Chomhaontú seo agus le Roinn II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú.

2. Déanfaidh Rialtas na Seapáine an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 ar leibhéal an mhéid EUR 13 700 000, lena n-áirítear 1 % le haghaidh an chúlchiste theagmhasaigh dá dtagraítear in Airteagal 6(6) den Chomhaontú. Is é EUR 6 873 493 a bheidh sa ranníocaíocht oibríochtúil do 2026, lena n-áirítear EUR 68 734,93 le haghaidh an chúlchiste theagmhasaigh sin.

3. Bunófar táille rannpháirtíochta Rialtas na Seapáine agus déanfar í a chéimniú isteach i gcomhréir le hAirteagal 6(5) agus (10) den Chomhaontú.

4. Gan dochar d'Airteagal 14(4) den Chomhaontú, íocfaidh Rialtas na Seapáine an ranníocaíocht oibríochtúil agus an táille rannpháirtíochta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Roinn seo i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na Seapáine, agus laistigh de theorainneacha a leithreasuithe buiséadacha bliantúla.

II. Ranníocaíocht oibríochtúil Rialtas na Seapáine a cheartú go huathoibríoch

1. Chun an ceartúchán uathoibríoch dá dtagraítear in Airteagal 8 den Chomhaontú agus in Airteagal 5 den Phrótacal seo a ríomh, beidh feidhm ag na módúlachtaí seo a leanas:

   (a) ciallaíonn 'deontais iomaíocha' deontais a dhámhtar trí ghlaonna ar thograí a sheoltar faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach inar féidir na tairbhithe deiridh a shainaithint tráth a ríomhtar an ceartúchán uathoibríoch, óna n-eisiatar tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe mar a shainmhínítear in Airteagal 207 den Rialachán Airgeadais;

   (b) i gcás ina dtabharfar gealltanas dlíthiúil i gcrích le cuibhreannas, is iad na méideanna carnacha a leithdháiltear ar thairbhithe is eintitis de chuid na Seapáine na méideanna a úsáidfear chun méideanna tosaigh an ghealltanais dhlíthiúil a bhunú i gcomhréir le miondealú táscach buiséid an chomhaontaithe deontais;

   (c) bunófar méideanna uile na ngealltanas dlíthiúil a chomhfhreagraíonn do dheontais iomaíocha trí úsáid a bhaint as e-Corda agus asbhainfear iad ar an dara Céadaoin i mí Feabhra bhliain N+2;

   (d) ciallaíonn 'costais neamh-idirghabhálacha' costais an Chláir Fís Eorpach seachas deontais iomaíocha, lena n-áirítear na costais a bhaineann le caiteachas tacaíochta, riarachán clárshonrach agus gníomhaíochtaí eile; agus

   (e) measfar gur costais neamh-idirghabhálacha iad na méideanna a leithdháiltear ar eagraíochtaí idirnáisiúnta mar eintitis arb iad an tairbhí deiridh iad.

2. Cuirfear an sásra i bhfeidhm mar a leanas:

   (a) ceartúcháin uathoibríocha le haghaidh bhliain N i ndáil le forghníomhú leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i leith bhliain N, arna méadú i gcomhréir le mír 6 d'Airteagal 6 den Chomhaontú seo, cuirfear i bhfeidhm iad bunaithe ar shonraí bhliain N agus ar shonraí bhliain N+1 ó e-Corda dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 de Roinn seo sa bhliain N+2. Is é an méid a bhreithneofar méid na ndeontas iomaíoch faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, tráth a ríomhtar an ceartúchán.

(b) ag tosú in N+2 agus suas go dtí 2029, déanfar méid an cheartúcháin uathoibríoch a ríomh le haghaidh bhliain N tríd an difríocht idir na nithe seo a leanas a ghlacadh:

(i) méid iomlán na ndeontas iomaíoch arna gcionroinnt le Rialtas na Seapáine nó le heintitis na Seapáine faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach mar ghealltanais a rinneadh maidir le leithreasuithe buiséid bhliain N; agus

(ii) méid ranníocaíocht oibríochtúil Rialtas na Seapáine le haghaidh bhliain N, cé is moite den chúlchiste teagmhasach dá dtagraítear in Airteagal 6(6) den Chomhaontú, arna iolrú faoin gcóimheas idir A agus B a sholáthraítear mar a leanas:

A. méid na ndeontas iomaíoch arna dtabhairt ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh bhliain N faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach, arna méadú i gcomhréir le hAirteagal 6(6) den Chomhaontú; agus

B. iomlán na leithreasuithe buiséadacha údaraithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh bhliain N faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach, lena n-áirítear costais neamh-idirghabhálacha.

III. Íocaíocht rannaíocht airgeadais Rialtas na Seapáine agus íocaíocht an cheartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir le ranníocaíocht oibríochtúil Rialtas na Seapáine

1. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach an fhaisnéis seo a leanas in iúl do Rialtas na Seapáine a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná tráth eisiúna an ghlao ar chistí na bliana airgeadais:

(a) méid na ranníocaíochta oibríochtúla dá dtagraítear i mír 2 de Roinn I den Iarscríbhinn seo;

(b) méid na táille rannpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Chomhaontú; agus

(c) ó bhliain N+2 maidir leis an gcuid den Chlár Fís Eorpach ina bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin chun an ceartúchán uathoibríoch, leibhéal na ngealltanas a tugadh i bhfabhar eintitis na Seapáine faoi Cholún II den Chlár Fís Eorpach arna miondealú de réir bhliain chomhfhreagrach na leithreasuithe buiséadacha agus leibhéal iomlán gaolmhar na ngealltanas, a ríomh.

2. I mí an Mheithimh gach bliain airgeadais ar a dhéanaí, eiseoidh an Coimisiún glao ar chistí chuig Rialtas na Seapáine a chomhfhreagraíonn dá ranníocaíocht faoin bPrótacal seo. Leis an nglao ar chistí, déanfar foráil maidir le híocaíocht ranníocaíocht Rialtas na Seapáine tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis eisiúint an ghlao ar chistí. Má shínítear an Comhaontú tar éis an 1 Aibreán 2026, i gcás na chéad bhliana de chur chun feidhme an Phrótacail seo, eiseoidh an Coimisiún Eorpach an glao ar chistí laistigh de 60 lá ó shíniú an Chomhaontaithe seo.

3. Gach bliain, ó 2029 amach, léireofar sna glaonna ar chistí méid an cheartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir leis an ranníocaíocht oibríochtúil a íocfar le haghaidh na bliana n-3. I gcás gach ceann de na blianta airgeadais 2029 agus 2030, an méid a thagann as an gcoigeartú uathoibríoch a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí oibríochtúla a íocfaidh Rialtas na Seapáine in 2026 agus 2027, beidh an méid sin dlite do Rialtas na Seapáine nó dlite uaidh.

4. Íocfaidh Rialtas na Seapáine a ranníocaíocht airgeadais faoin bPrótacal seo i gcomhréir le roinn III seo. In éagmais íocaíocht Rialtas na Seapáine faoin dáta dlite, seolfaidh an Coimisiún litir mheabhrúcháin fhoirmiúil. Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta go n-íocfaidh Rialtas na Seapáine ús mainneachtana ón dáta dlite ar aghaidh ar an méid atá gan íoc. Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte gan íoc ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, agus é sin méadaithe faoi thrí phointe céatadáin go leith (3,5 ppt).

IARSCRÍBHINN II

Liosta de chláir, gníomhaíochtaí, gníomhartha, tionscadail choibhéiseacha na Seapáine nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh

Is mar chláir, gníomhaíochtaí, gníomhartha, tionscadail de chuid na Seapáine, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh atá coibhéiseach le Colún II den Chlár Fís Eorpach, a mheasfar an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas:

— Core Research for Evolutionary Science and Technology (CREST), Strategic Basic Research Program, arna bhainistiú ag Japan Science and Technology Agency (JST)

— Exploratory Research for Advanced Technology (ERATO), Strategic Basic Research Program, arna bhainistiú ag JST

Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Rialtas na Seapáine maidir le hAirteagal 11 den Chomhaontú

Ní dochar an fhoráil seo do sheasamh an Aontais Eorpaigh agus Rialtas na Seapáine maidir leis an gcomhar le OIPE chun críche aon chomhaontaithe eile atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo idir an tAontas Eorpach agus Rialtas na Seapáine.

Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Rialtas na Seapáine maidir le Roinn I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhlachas Rialtas Na Seapáine le Fís Eorpach – An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)

Maidir le méideanna na ranníocaíochta oibríochtúla le haghaidh 2026 agus 2027 a leagtar amach i Roinn I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Comhlachas na Seapáine le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), tá an t-aitheantas coiteann ag an Aontas Eorpach agus ag Rialtas na Seapáine go bhfuil an réiteach comhaontaithe le haghaidh na bliana 2027 go háirithe eisceachtúil agus go bhfuil gá leis de bharr amlínte shaolré bhuiséad Rialtas na Seapáine.

Cé go ngeallann Rialtas na Seapáine, faoi théarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Seapáine, den pháirt eile, maidir le Rannpháirtíocht Rialtas na Seapáine i gcláir an Aontais, ranníocaíochtaí airgeadais a sholáthar le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027, tráth sínithe an Chomhaontaithe, níl Rialtas na Seapáine in ann méid na ranníocaíochta oibríochtúla le haghaidh na bliana 2027 a chinneadh ar leithligh mar gheall ar amlínte shaolré bhuiséad na Seapáine.